Coimisinéirí na dTabhartas agus na dTiomnachtaí Carthanúla d'Éirinn

Ráiteas Straitéise 2011-2014

12 Sráid an Chláraigh
Baile Átha Cliath 2

Teileafón: 353 1 6766095
Facs: 353 1 6766001
R-phost: charities@justice.ie
Suíomh Gréasáin: www.charitycommissioners.ie

Samhain 2011

Clár Ábhar

RANNÁN		LEATHANACH
1.	RÉAMHRÁ AGUS RÁITEAS MISIN	2
2.	COMHTHÉACS FORIOMLÁN	4
3.	ANAILÍS AGUS PLEANÁIL STRAITÉISEACH	7
4.	ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ CARTHANAS	12

1. Réamhrá agus Ráiteas Misin

Is é seo a leanas ár Ráiteas Misin :-

"Ár ndualgais reachtúla a chomhlíonadh, faoi mar atá leagtha amach sna hAchtanna Carthanas, agus cabhrú le hIontaobhaithe a ndualgais a chomhlíonadh. Creideann na Coimisinéirí go mbaineann tábhacht phríomhúil lena raibh ar intinn ag an deontóir nó tiomnóir/bantiomnóir a chomhlíonadh."

Bunaíodh Oifig Choimisinéirí na dTabhartas agus na dTiomnachtaí Carthanúla d'Éirinn (dá ngairtear "na Coimisinéirí" anseo feasta) sa bhliain 1844 faoi Acht le haghaidh Úsáid níos éifeachtaí a bhaint as Tabhartais agus Tiomnachtaí Carthanúla d'Éirinn. Sa lá atá inniu ann, díorthaíonn na Coimisinéirí a gcumhachtaí faoi na hAchtanna Carthanas, 1961 agus 1973.

Sainchúram reachtúil na gCoimisinéirí

Is é sainchúram na gCoimisinéirí faoi na hAchtanna Carthanas, 1961 agus 1973, ná:

- seirbhísí a chur ar fáil d'iontaobhaithe carthanas agus
- cabhrú, nuair is féidir, lena chinntiú go gcloítear lena bhfuil ar intinn ag daoine a thugann tabhartais agus tiomnachtaí do charthanas.

Murab ionann agus a gcomhghleacaithe i Sasana agus sa Bhreatain Bheag, níl aon chumhacht ag na Coimisinéirí clár carthanas a choinneáil agus níl aon chumhachtaí reachtúla imscrúdaithe acu, cé gur féidir leo doiciméid a bhaineann le carthanas a lorg.

Cuireann na Coimisinéirí seirbhísí éagsúla ar fáil saor in aisce do charthanais. Is de chineál breithiúnach atá formhór na seirbhísí. Mar shampla, is féidir leis na Coimisinéirí:

- gníomhú mar iontaobhaithe d'Iontaobhais Charthanas áirithe agus cistí a shealbhú thar ceann iontaobhais eile
- infheistiú, agus iontaobhaithe carthanas a údarú chun infheistiú, in urrúis lasmuigh den ghnáthraon urrúis iontaobhaithe

Áirítear le feidhmeanna eile na gCoimisinéirí:

- iontaobhaithe nua a cheapadh, a fhágann gur féidir an costas a bhaineann le hiarratas Cúirte a sheachaint;
- idirbhearta éagsúla réadmhaoine arna ndéanamh ag carthanais a údarú, mar shampla, díolacháin, léasanna, géilleadh leasanna, morgáistí agus malartuithe réadmhaoin an iontaobhais;
- dearlaicí oideachais a leasú faoin Acht um Dhearlaicí Oideachais (Éire), 1885;
- a dTuairim nó a gComhairle a sholáthar faoi Shéala d'iontaobhaithe;
- iontaobhas carthanúil a leasú;
- Scéimeanna Cy-Pres a shocrú (Is é sin, scéim nua a shocrú sa chás nach bhfuiltear in ann an scéim atá ann cheana a dhéanamh de réir a téarmaí).

2. COMHTHÉACS FORIOMLÁN

Chuir na Coimisinéirí an Ráiteas seo le chéile de réir Bheartas agus thosaíochtaí an Rialtais, faoi mar atá leagtha amach sa Chlár don Rialtas 2011 – 2016.

Tiomantas do Nuachóiriú na Seirbhíse Poiblí

Ní féidir an fhís atá mar bhonn agus thaca ag an gClár don Rialtas a bhaint amach ach amháin trí fheabhsuithe suntasach ina éifeachtúla agus ina éifeachtaí atá soláthar seirbhíse poiblí. Príomh-bhonnchloch d'fholláine náisiúnta, d'iomaíochas agus do chuimsiú sóisialta a bheidh i dtuilleadh forbartha a dhéanamh ar sheirbhís phoiblí:-

- Atá dírithe ar cháilíocht, ar fheidhmíocht agus ar thorthaí;
- A bhaineann luach ar airgead amach;
- Atá dírithe ar riachtanais a custaiméirí;
- Atá cuntasach;
- A fhreagraíonn go tapa agus ar bhealach solúbtha don athrú; agus
- A chuireann comhdheiseanna chun cinn.

Tá dul chun cinn suntasach déanta le blianta beaga anuas maidir leis an tseirbhís phoiblí a nuachóiriú. Chuir an *Tionscnamh Bainistíochta Straitéisí* sa Státseirbhís agus creataí den chineál céanna in earnálacha eile feabhas ar sheirbhísí don phobal agus ar an timpeallacht oibre d'fhoireann na seirbhíse poiblí.

Is dócha go mbeidh laghduithe i mbuiséad na hOifige le linn shaolré an Ráitis Straitéise seo. Dá bhrí sin, bíonn cumas na hOifige freastal ar an dúshlán a bhaineann le héileamh méadaithe
ar sheirbhís ar ardchaighdeán ag brath ar luas an nuachóirithe agus an athraithe a ghéarú ar fud na hearnála.

Dá bharr sin, tá an Oifig tiomanta don chreat nuachóirithe a fhorbairt agus a luasghéarú tuilleadh chun a chinntiú go mbeidh an tsolúbthacht is gá againn chun na caighdeáin idirnáisiúnta is airde a bhaint amach.

Príomhthosaíochtaí le haghaidh Athchóirithe

An Tionscnamh Bainistíochta Straitéisí

Tugadh an Tionscnamh Bainistíochta Straitéisí dar teideal "A Programme of change for the Irish Civil Service" isteach sa bhliain 1994 agus d'fhoilsigh an Rialtas an tuarascáil "Rialtas Níos Fearr a Sholáthar" ina dhiaidh sin sa bhliain 1996. Is é cuspóir an phróisis sin ná seirbhís den scoth a bhaint amach don Rialtas agus don phobal mar chustaiméirí agus mar chliaint ag gach leibhéal, ag cur leis an dea-sheirbhís a chuirtear ar fáil ag gach leibhéal faoi láthair. Rinneadh measúnacht ar an bpróiseas sa bhliain 2002 agus thángthas ar an gconclúid ina dhiaidh sin gur ghá an próiseas
a athfhuinnmhiú agus a athbhunú agus, chun na críche sin, forbraíodh Ráiteas Físe, Straitéis agus Plean Gníomhaíochta nua don Státseirbhís go dtí 2007 d'fhonn cur leis na tionscnaimh atá ar siúl cheana sna réimsí seo a leanas:-

- Próiseas Pleanála Straitéisí
- Bainistíocht Acmhainní Daonna
- Bainistíocht Airgeadais
- Seirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí

Ina theannta sin, fuair an tiomantas do sheirbhís den scoth do chustaiméirí tacaíocht ó na Comhpháirtithe Sóisialta i gComhaontuithe Comhpháirtíochta Sóisialta i ndiaidh a chéile, lena n-áirítear an comhaontú is déanaí dar teideal “I dTreo 2016, an Creat-Chomhaontú Comhpháirtíochta Sóisialta 10 mbliana
2006 – 2015”.

Áirítear leis an gComhaontú sin na príomhghníomhartha i ndáil leis an earnáil dheonach, phobail agus carthanas:-

- Tacú leis an earnáil Phobail agus Dheonach. Déanfaidh an Roinn seo forbairt agus tacú ar bheartais a bhaineann le hobair dheonach a chothú a thagann as an bpacáiste beart a thionscain an Rialtas sa bhliain 2005 agus as bearta atá ar siúl cheana faoin bPáipéar Bán ‘Tacaíocht do Ghníomhaíocht Dheonach’. Beidh na cineálacha cur chuige sin bunaithe ar thuarascáil an Tascfhórsa ar Shaoránacht Ghníomhach;

- Daonchairdeas a chur chun cinn in Éirinn agus leanúint le scrúdú a dhéanamh ar bhealaí inar féidir obair dhaonchairdiúil a éascú, cultúr daonchairdis a neartú agus a dhoimhniú in Éirinn, agus an chuid is fearr a bhaint as an méid a chuireann daonchairdeas leis an leas comhchoiteann;

- Reachtaíocht lena rialaítear an earnáil carthanas a thabhairt isteach, lena n-áirítear caighdeáin rialachais chun cosaint ar mhí-úsáid stádais charthanúil nó ar chalaois agus tacaíocht a thabhairt don earnáil ina leith sin;

Tá an Oifig tiomanta d’ionchur cuí a chur ar fáil i gcur chun feidhme leanúnach na straitéisí éagsúla a thug na Ranna Rialtais ábhartha isteach i ndáil le Rialáil agus Bainistíocht na hEarnála Carthanas agus Pobail.

---

3. ANAILÍS AGUS PLEANÁIL STRAITÉISEACH

3.1 SAINCHÚRAM NA gCOIMISINÉIRÍ

Is é sainchúram na gCoimisinéirí faoi na hAchtanna Carthanas, 1961 agus 1973, ná seirbhísí a chur ar fáil d'iontaobhaithe carthanas agus cloí lena bhfuil ar intinn ag daoine a thugann tabhartais agus tiomnachtaí do charthanas.

Cuireann na Coimisinéirí seirbhísí éagsúla ar fáil saor in aisce do charthanais. Is de chineál breithiúnach atá formhór na seirbhísí agus ní mór iad a fheidhmiú de réir dhianrialacha an dlí a bhaineann le carthanais. Luaitear na seirbhísí is tábhachtaí ina leith sin sna míreanna seo a leanas:-

Iontaobhaithe Nua a Cheapadh

Tá sé de chumhacht ag na Coimisinéirí iontaobhaithe nua Carthanais a cheapadh in ionad, nó i dteannta, iontaobhaí nó iontaobhaithe reatha, nó sa chás nach bhfuil aon iontaobhaithe sa charthanas. Tá a lán iontaobhais charthanúla ar bun le tréimhse fhada ama agus is féidir nach bhfuil na hiontaobhaithe bunaidh fós beo nó fós in ann a ndualgais faoin iontaobhas a chomhlíonadh. Ar iarratas ó dhaoine cuí (mar shampla, is é Easpag na Deoise nó ainmnitheach an Easpaig an duine cuí i gcás tailte Deoise) chuig na Coimisinéirí, is féidir leis na Coimisinéirí iontaobhaithe nua a cheapadh. Leagtar síos sna hAchtanna nósanna imeachta áirithe nach mór do na Coimisinéirí iad a leanúint. Ní mór dóibh fógra reachtúil a thabhairt faoin togra chun an t-ordú a dhéanamh agus nuair a bheidh an t-ordú déanta araon. Tá ceart chun achomharc a dhéanamh in aghaidh an cheapacháin ann agus ní mór an fógra reachtúil a fhoilsiú ar bhealach poiblí atá oiriúnach do na cúinsí chun go mbeidh deis ag aon pháirtí leasmhar achomharc a dhéanamh chuig na Coimisinéirí.

Díolacháin a Údarú

Baineann iontaobhaithe carthanas, nach mbíonn cumhacht díola acu de ghnáth, leas as Alt 34 agus as Alt 40 den Acht Carthanas, 1961, ina dtugtar cumhacht díola dóibh maidir le díolacháin atá údaraithe ag na Coimisinéirí. Foráiltear le hAlt 40 gur ag díolachán atá údaraithe ag na Coimisinéirí a bheidh an éifeacht agus an bhailíocht chéanna dá mbeadh sé údaraithe le téarmaí sainráite an iontaobhais a rialaíonn an carthanas. Seachnaítear imeachtaí Cúirte i gcás iarratas chuig na Coimisinéirí faoi Alt 34 agus Alt 40 den Acht.

Agus iad ag déileáil le hiarratas ar dhíolachán talún, is é príomhchúram na gCoimisinéirí a chinntiú go ndéantar an díolachán sin de réir luach margaidh. Dá réir sin, ní mór tuarascáil ó cheantálaí neamhspleách ina ndeimhnítear gurb ionann an praghas agus fíorluach margaidh a bheith ag gabháil le gach iarratas. Ní bhíonn an tuarascáil sin ag teastáil i gcásanna inar díoladh an réadmhaoin ag ceant poiblí. Ní mór do na Coimisinéirí iad féin a shásamh freisin go bhfuil úsáid na bhfáltas ón díolachán a bheartaítear ar aon dul leis an iontaobhas a bhaineann leis an gcarthanas.

Sa chás gur díoladh an réadmhaoin faoina luach, rud a tharlaíonn idir carthanais de ghnáth, ní mór do na Coimisinéirí iad féin a shásamh go bhfuil an diúscairt a bheartaítear chun tairbhe do chuspóir carthanúil sonraithe seachas cuspóir an charthanais a bhfuil na hiarratasóirí ina n-iontaobhaithe air agus go mbeadh an diúscairt chun tairbhe don phobal.

Scéimeanna Cy-Prés a Cheapadh

Ar chúiseanna éagsúla, is féidir go mbeidh gá le hiontaobhais Charthanais a athrú. Is féidir nach bhfuil na hiontaobhais cuí nó fóirsteanach a thuilleadh. Is féidir leis na Coimisinéirí Scéim lena n-athraítear cuspóir an iontaobhais a cheapadh. Tugtar

Scéim Cy-Prés ar an Scéim sin. Beag beann ar a mhéid is mian leis na Coimisinéirí cabhrú le hiontaobhaithe trí Scéim Cy-Prés a dhéanamh, áfach, ní féidir leo déanamh amhlaidh ach amháin i gcásanna inarb ann do na cúinsí inar féidir Scéim den sórt sin a cheapadh.

Leagtar na cúinsí sin amach in Alt 47 den Acht Carthanas, 1961. Ba chóir a thabhairt faoi deara nach mór intinn charthanúil ghinearálta a léiriú san Ionstraim faoinar cruthaíodh an t-iontaobhas sular féidir leis an bhfoirceadal a agairt. Go dtí an bhliain 2002, bhí dlínse na gCoimisinéirí teoranta do shócmhainní arbh fhiú suim uasta £250,000 iad. Baineadh an teorainn sin sa bhliain 2002.

Tuairim nó Comhairle a Thabhairt chun Iontaobhaithe a Chosaint

Más rud é go dtagann Iontaobhaithe ar aon deacracht agus iontaobhas carthanúil á riar acu, nó go dtagann seiceadóirí ar aon deacracht agus réadtiomnú nó tiomnacht atá faoina rialú á riar acu, is féidir leo tuairim nó comhairle na gCoimisinéirí a iarraidh. Iontaobhaithe nó seiceadóirí a ghníomhaíonn de réir chomhairle nó thuairim shéalaithe na gCoimisinéirí, measfar gur ghníomhaigh siad de réir théarmaí an iontaobhais.

Teacht ar Chomhréiteach i leith Éileamh thar ceann Carthanais nó ina aghaidh

Is féidir le hIontaobhaithe Carthanais, nó le haon duine a bhfuil toiliú na nIontaobhaithe faighte aige, ráiteas agus togra maidir le teacht ar chomhréiteach i leith éilimh a chur faoi bhráid na gCoimisinéirí. Sa chás go bhfuil sé chun tairbhe don charthanas, nó gur cosúil do na hIontaobhaithe go bhféadfaí teacht ar chomhréiteach i gcúinsí speisialta, is féidir leis na Coimisinéirí éileamh den sórt sin a shocrú gan aon ghá le dul i muinín imeachtaí Cúirte.

Coimisinéirí na dTabhartas agus na dTiomnachtaí Carthanúla d'Éirinn

Leathanach 9

Ráiteas Straitéise – Samhain 2011

Cumhachtaí Infheistíochta

Tá cead ag na Coimisinéirí cistí carthanais atá faoina rialú a infheistiú in urrúis, cibé acu atá nó nach bhfuil an t-infheistiú sin údaraithe leis an dlí nó leis an Iontaobhas. Ceadaítear leis na hAchtanna Carthanas d'iontaobhaithe carthanais déanamh amhlaidh.

Coimeádann na Coimisinéirí Foirm Údaraithe ar bun le haghaidh Infheistíocht Cistí Carthanais. Rinneadh an fhoirm sin a athbhreithniú agus a leasú ó am go chéile. I mí an Mhárta 2005, d'eisigh na Coimisinéirí liosta nua lenar ceadaíodh do Charthanais infheistíochtaí a dhéanamh de réir an Ordaithe Iontaobhaithe (Infheistíochtaí Údaraithe), 1998, arna leasú, agus an Ordaithe Iontaobhaithe (Infheistíochtaí Údaraithe), 2002. Is féidir le hiontaobhaithe leas a bhaint as sin gan iarratas a dhéanamh chuig na Coimisinéirí.

Ciste Oifigiúil Infheistíochta na gCoimisinéirí Carthanas

Bunaíodh an ciste sin, atá á bhainistiú ag AIB Investment Managers, sa bhliain 1985 chun na cistí faoi rialú na gCoimisinéirí a infheistiú go neamhspleách. Is féidir le carthanas ar bith páirt a ghlacadh sa chiste trí iarratas a dhéanamh chuig na Coimisinéirí. Tá an ciste sin de bhreis ar aon chistí eile atá ar fáil ar bhonn tráchtála agus ar féidir le carthanais infheistiú iontu. Is iad na tairbhí a bhaineann Carthanais as sin ná go ndéanann gnólacht cuntasóirí agus an t-iniúchóir Rialtais Áitiúil iniúchadh neamhspleách ar an gciste agus go ndéanann na Coimisinéirí faireachán air.

Uachtanna ina bhfuil Tiomnachtaí Carthanúla

I mí Iúil 1993, cuireadh córas i bhfeidhm chun cur ar chumas na gCoimisinéirí Carthanas a gcuid feidhmeanna reachtúla maidir le cosaint tiomnachtaí carthanúla a fheidhmiú. Aturnaetha atá ag déanamh iarratas ar Dheonú Probháide le haghaidh aon Uacht ina bhfuil leagáid charthanúil, iarrtar orthu foirm shimplí achoimre, ina dtugtar sonraí ar gach tiomnacht charthanúil, a chur faoi bhráid na hOifige Probháide. Cuirtear na foirmeacha sin ar aghaidh chuig Oifig na gCoimisinéirí Carthanas gach mí.

Faoi Alt 52 den Acht Carthanas 1961, arna leasú ag Alt 16 den Acht Carthanas, 1973, féadfaidh na Coimisinéirí éileamh ar Sheiceadóir aon eastát ina bhfuil tiomnacht charthanúil fianaise a thabhairt gur íocadh an tiomnacht sin de réir na dtreoracha san Uacht. Sa chás gur theip ar an Seiceadóir cloí leis an riachtanas sin, féadfaidh an Bord foilsiú na tiomnachta a ordú.

4. Athchoiriú an Dlí Carthanas

4.1 ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ CARTHANAS

Rinneadh an Bille Carthanas 2007 a achtú an 28 Feabhra 2009. Ní thagann an tAcht i bhfeidhm go huathoibríoch ar a achtú, áfach. Déanfar é a thosú ina chéimeanna trí ordú ón Aire. Beidh sonraí ar thosach feidhme na bhforálacha ar fáil ar www.justice.ie.

Is é cuspóir an Achta Carthanas 2009 athchóiriú an dlí a bhaineann le carthanais a achtú chun cuntasacht a chinntiú agus chun cosaint ar mhí-úsáid stádais charthanúil agus ar chalaois. Cuirfidh sé freisin leis an muinín atá ag an bpobal as carthanais agus le trédhearcacht san earnáil. Beidh an tAcht Carthanas 2009, mar aon leis na hAchtanna Carthanas, 1961 agus 1973, agus an tAcht um Bailiúcháin Sráide agus ó Theach go Teach, 1962, ina gcreat ilchodach rialála do charthanais trí mheascán d'fhorálacha nua reachtaíochta agus de reachtaíocht carthanas atá ann cheana a choinneáil, agus a thabhairt cothrom le dáta, nuair is cuí.

Déantar foráil san Acht go ndíscaoilfear Oifig Choimisinéirí na dTabhartas (CCDB) ar bhunú an Údaráis nua agus go n-aistreofar feidhmeanna na gCoimisinéirí chuig an Údarás ag an am sin. Tá an Oifig tiomanta don phróiseas agus tabharfaidh sí cúnamh maidir le haistriú a feidhmeanna.